CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# PREASEISIÚINT Uimh. 203/24

**Lucsamburg, 19 Nollaig 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-244/24 | [Kaduna] [1] agus C-290/24 | [Abkez] [2]

## Cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin: féadfaidh Ballstát a leathnaigh an chosaint sin chuig catagóirí áirithe daoine, thar a gceanglaítear le dlí an Aontais, an chosaint sin a tharraingt siar gan fanacht go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an gcosaint shealadach a dheonaítear faoi dhlí an Aontais

Chinn údaráis na hÍsiltíre ar dtús na socruithe cosanta sealadacha do dhaoine easáitithe ón Úcráin a leathnú chuig catagóirí eile daoine seachas iad siúd a chumhdaítear le dlí an Aontais. Ina dhiaidh sin, áfach, chinn na húdaráis sin tairbhe na cosanta roghnaí sin a tharraingt siar. Ina breithiúnas, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfaidh Ballstát i gcás den sórt sin, i bprionsabal, cosaint shealadach a tharraingt siar ó na daoine sin sula mbeidh deireadh leis an gcosaint shealadach a dheonaítear faoi dhlí an Aontais. Mar sin féin, ní fhéadfaidh na daoine sin a bheith faoi réir cinneadh um fhilleadh fad a fhanfaidh an chosaint roghnach sin i bhfeidhm.

In 2022, tar éis d'fhórsaí armtha na Rúise ionradh a dhéanamh ar an Úcráin, bhunaigh an tAontas Eorpach sásra cosanta sealadach le haghaidh daoine easáitithe ón Úcráin.[3] Ní mór feidhm a bheith ag an gcóras Eorpach seo maidir leis na nithe seo a leanas: (i) náisiúnaigh de chuid na hÚcráine, (ii) daoine gan stát agus náisiúnaigh tríú tír seachas an Úcráin a thairbhigh de chosaint idirnáisiúnta, (iii) baill teaghlaigh den chéad dá chatagóir agus (iv) daoine gan stát agus náisiúnaigh tríú tír seachas an Úcráin a bhfuil cead buanchónaithe acu san Úcráin agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit an chosaint shealadach sin a leathnú chuig aon chatagóir eile de dhaoine easáitithe ón Úcráin ar na cúiseanna céanna.

Dheonaigh údaráis na hÍsiltíre cosaint shealadach ar dtús do shealbhóirí uile cheadanna cónaithe na hÚcráine, lena n-áirítear ceadanna sealadacha. Mar sin féin, chinn na húdaráis sin ina dhiaidh sin an chosaint sin a theorannú do chatagóir níos srianta daoine, is é sin sealbhóirí buanchead cónaithe de chuid na hÚcráine. Thug roinnt daoine nach raibh cead buanchónaithe den sórt sin acu ach ar deonaíodh **cosaint shealadach roghnach** dóibh cheana féin san Ísiltír imeachtaí os comhair chúirteanna na hÍsiltíre.

Tá Comhairle Stáit na hÍsiltíre agus Cúirt Dúiche na Háige, ina suí di in Amstardam, tar éis ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfeadh Ballstát deireadh leis an gcosaint roghnach a dheonaítear sa chomhthéacs sin agus conas a chuirfí deireadh léi.

Ina breithiúnas, mheabhraigh an Chúirt gur de chineál eisceachtúil é an sásra cosanta sealadach agus láithreach, ar léiriú é ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta idir na Ballstáit i gcur chun feidhme an bheartais tearmainn, agus nach mór é a fhorchoimeád do chásanna insreabhadh ollmhór daoine easáitithe.

Sa chomhthéacs sin, féadfaidh Ballstát a dheonaigh **cosaint shealadach roghnach do chatagóir daoine, i**

**bprionsabal, an chosaint sin a tharraingt siar ó na daoine a bhain tairbhe as.** Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cén fad a mhairfidh an chosaint shealadach roghnach a dheonaíonn siad, ar choinníoll nach dtosaíonn sí roimh an gcosaint shealadach a dheonaíonn institiúidí an Aontais agus nach gcríochnaíonn sí i ndiaidh na cosanta sin.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar an mBallstát sin cead cónaithe a dheonú do thairbhithe de chosaint shealadach roghnach a chuirfidh ar a gcumas cónaí ar a chríoch fad nach n-aistarraingeofar an chosaint sin.

Dá bhrí sin, fad a leanann na daoine sin de thairbhe a bhaint as cosaint shealadach roghnach, tá cónaí orthu go dleathach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní féidir leo a bheith faoi réir cinneadh um fhilleadh go dtí go gcuirfidh an Ballstát lena mbaineann deireadh leis an gcosaint roghnach sin.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar ' Europe by Satellite ' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is ainm dlítheanach é ainm an cháis seo. Ní ag tagairt d'fhíorainm páirtí ar bith sna himeachtaí atá sé.

[2] Is ainm dlítheanach é ainm an cháis seo. Ní ag tagairt d'fhíorainm páirtí ar bith sna himeachtaí atá sé.

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach.